Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2022/0135(COD)

16.9.2022

***I
DRÉACHT-TUARASCÁIL

maidir leis an Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1806 lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin (Cuáit, Catar)
(COM(2022)0189 – C9-0160/2022 – 2022/0135(COD))

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir don tuairim: Erik Marquardt

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann an leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 10

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir leis an Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1806 lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin (Cuáit, Catar)
(COM(2022)0189 – C9-0160/2022 – 2022/0135(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2022)0189),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 77(2), pointe (a), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a chuir an Coimisiún an togra faoi bhráid na Parlaiminte (C9-0160/2022),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A9-0000/2022),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) ***Is beag na rioscaí ó thaobh imirce neamhrialta isteach san Aontas a bhaineann le*** Cuáit agus ***le*** Catar ***agus*** eisíonn ***siad*** pasanna bithmhéadracha i	(3) ***Ar bhonn an mheasúnaithe ón gCoimisiúin, comhlíonann*** Cuáit agus Catar ***na critéir a leagtar amach i Rialachán (AE) 2018/1806, lenar féidir***

gcomhréir le caighdeáin na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta. ***Cuireadh dlús leis an gcomhar slándála leis na tíortha sin le blianta beaga anuas. A mhéid a bhaineann le leasanna eacnamaíocha, is comhpháirtithe tábhachtacha eacnamaíocha don Aontas iad*** Cuáit agus Catar, go ***háirithe i réimse an fhuinnimh. Cé go bhfuil dúshláin*** fós ann i réimse chearta an duine agus ***na*** saoirsí bunúsacha, ***tá athruithe ó bhonn ar an tsochaí agus feabhsuithe tagtha ar Chuáit agus ar Chatar mar aon le feabhsuithe ó thaobh chearta na mban, cearta oibrithe, saoirse reiligiúin agus idirphlé idirchreidmheach agus tá coinne leis go leanfaidh siad de dhul chun cinn agus athchóirithe a dhéanamh. Féadfar na buntáistí fadtéarmacha a bhaineann le taisteal*** gan víosa ***chuig an Aontas Eorpach treochtaí dearfacha sna réimsí*** sin a ***neartú***.

iad a áireamh ar liosta na dtíortha a bhfuil a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas víosa. Eisíonn ***an dá thír*** pasanna bithmhéadracha ***freisin*** i gcomhréir le caighdeáin na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta. ***Mar sin féin, mar a leagtar amach sa mheasúnú ón gCoimisiún (Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le comhlíonadh na gcritéar a liostaítear in Airteagal 1 de Rialachán (AE) 2018/1806 ag*** Cuáit agus Catar***)***, ***i dTuarascáil Bhliantúil 2021 an Aontais maidir le Cearta an Duine agus an Daonlathas ar Domhan ó SEGS (Tuarascálacha Tíre) agus i dtuarascálacha éagsúla ENRanna, tá ábhair imní thromchúiseacha agus*** go ***leor dúshlán*** fós ann i réimse chearta an duine agus saoirsí bunúsacha ***i gCuáit agus i gCatar d'ainneoin na gclaochluithe sochaíocha agus na n-athruithe reachtacha a rinneadh le déanaí agus atá ar siúl faoi láthair. D'fhonn éifeachtacht na díolúine ón gceanglas víosa agus a cómhalartacht iomlán a ráthú***, ***ba cheart go n-áiritheofaí leis an gcomhaontú tarscaoilte víosaí go gcuirfí deireadh le haon chonstaic a choisceann sochair taistil*** gan víosa ***a theachtadh agus teorainneacha seachtracha na mBallstát á dtrasnú acu trí rochtain a cheadú do na tairbhithe ar bhonn neamh-idirdhealaitheach, go háirithe rochtain neamhspleách ar thaisteal do mhná, do dhaoine sa phobal LGBTQ+ agus do dhaoine gan stát. Ba cheart na coinníollacha*** sin a ***léiriú sna comhaontuithe déthaobhacha maidir le tarscaoileadh víosaí atá le tabhairt i gcrích idir an tAontas agus na tíortha sin***.

Or. en

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(3a) Thairis sin, ba cheart idirphlé iomlán, oifigiúil maidir le cearta an duine a shaothrú le Cuáit agus Catar, as a dtiocfaidh feabhsuithe agus éachtaí nithiúla maidir le, i measc nithe eile, cearta saothair agus oibrithe, lena n-áirítear cearta na n-oibrithe imirceacha, cearta na mban, cearta dhaoine LGBTQ+, saoirse reiligiúin, toirmeasc ar chéasadh, saoirse cainte, ceart comhthionóil, agus toirmeasc ar phionós an bháis. Sna comhaontuithe déthaobhacha maidir le tarscaoileadh víosaí idir an tAontas agus Cuáit agus an tAontas agus Catar, ba cheart gealltanais fhollasacha nithiúla i leith na haidhme sin a áireamh.

Or. en

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) ***Dá dhroim sin***, ba cheart náisiúnaigh na dtíortha sin a bheith díolmhaithe ón gceanglas víosa i gcás fanachtaí nach faide ná 90 lá in aon tréimhse 180 lá, agus ba cheart tagairtí do na tíortha sin a aistriú chuig Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1806.	(4) ***Ós rud é gur féidir le buntáistí fadtéarmacha an taistil gan víosa treochtaí dearfacha a threisiú***, ***i réimsí chearta an duine agus na saoirsí bunúsacha freisin,*** ba cheart náisiúnaigh na dtíortha sin a bheith díolmhaithe ón gceanglas víosa i gcás fanachtaí nach faide ná 90 lá in aon tréimhse 180 lá, agus ba cheart tagairtí do na tíortha sin a aistriú chuig Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1806.

Or. en

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(4a) Chun measúnú a dhéanamh ar na buntáistí, ar an méid atá bainte amach agus ar na feabhsuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh a mhéid a bhaineann leis an díolúine chómhalartach ón gceanglas víosa, sna comhaontuithe déthaobhacha maidir le tarscaoileadh víosaí idir an tAontas agus Cuáit agus Catar, ba cheart foráil a dhéanamh maidir leis an meastóireacht thréimhsiúil a dhéanfaidh an Coimisiún ar chur chun feidhme a bhforálacha, lena n-áirítear an ghné a bhaineann le cearta an duine.

Or. en

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) An díolúine ón gceanglas víosa le haghaidh náisiúnaigh Chuáit agus Chatar, níor cheart feidhm a bheith aici go dtí go mbeidh comhaontuithe déthaobhacha maidir le tarscaoileadh víosa tugtha i gcrích idir an tAontas agus Cuáit agus Catar, chun a áirithiú, go háirithe, go gcoinnítear cómhalartacht iomlán ar bun.	(6) An díolúine ón gceanglas víosa le haghaidh náisiúnaigh Chuáit agus Chatar, níor cheart feidhm a bheith aici go dtí go mbeidh comhaontuithe déthaobhacha maidir le tarscaoileadh víosa tugtha i gcrích idir an tAontas agus Cuáit agus Catar, chun a áirithiú, go háirithe, go gcoinnítear cómhalartacht iomlán ar bun. ***Níor cheart tabhairt i gcrích comhaontuithe déthaobhacha maidir le tarscaoileadh víosaí idir an tAontas agus Cuáit agus an tAontas agus Catar a bheith ag brath ar thabhairt i gcrích comhaontuithe déthaobhacha a bhaineann le réimsí beartais eile, amhail filleadh nó athligean isteach, ná níor cheart nasc a bheith eatarthu ar bhealach eile le tabhairt i gcrích na gcomhaontuithe sin.***

Or. en

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(6a) De réir shamhail an phróisis reatha lena gcumhdaítear Cuáit agus Catar mar chomhaontuithe nua glúine faoi Rialachán (AE) 2018/1806, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh go pras ar staid tríú tíortha eile a d'fhéadfadh a bheith incháilithe do dhíolúine ó víosa, go háirithe Oman agus Eacuadór, agus comhleanúnachas réigiúnach faoi seach á chur san áireamh.

Or. en

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Is é is aidhm don togra ón gCoimisiún leasú a dhéanamh ar Rialachán (CE) 2018/1806 chun náisiúnaigh Chuáit agus Chatar a dhíolmhú ón gceanglas víosa a bheith ina seilbh acu ar thrasnú theorainneacha seachtracha na mBallstát dóibh i gcás fanachtaí nach faide ná 90 lá in aon tréimhse 180 lá. Is é pointe (a) d'Airteagal 77(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) bunús dlí an togra seo. Forbairt ar *acquis* Schengen a bheidh sa Rialachán atá beartaithe.

Cinnfear na tríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas víosa ar bhonn measúnú cás ar chás ar roinnt critéar a leagtar síos in Airteagal 1 de Rialachán (AE) 2018/1806. Baineann na critéir sin, *inter alia* 'le hinimirce neamhdhleathach, beartas poiblí agus slándáil, tairbhe eacnamaíoch, go háirithe i dtéarmaí turasóireachta agus trádáil coigríche, agus caidreamh seachtrach an Aontais leis na tríú tíortha ábhartha, lena n-áirítear, go háirithe, breithnithe maidir le cearta an duine agus saoirsí bunúsacha, chomh maith leis na himpleachtaí a bhaineann le comhleanúnachas agus cómhalartacht réigiúnach'.

Ní mór comhaontú tarscaoilte víosa a thabhairt i gcrích idir an dá thír agus an tAontas Eorpach chun go mbeidh an díolúine ó víosa éifeachtach, agus beidh cosaintí ann i ndáil le critéir Rialachán (AE) 2018/1806 a thug údar maith leis an díolúine ón gceanglas víosa. Tar éis chur i bhfeidhm na díolúine atá beartaithe ón gceanglas víosa, is féidir sásraí cómhalartachta agus fionraíochta Rialachán (AE) 2018/1806 a chur i bhfeidhm i gcás nach n-áiritheofar cómhalartacht iomlán víosaí nó i gcás ina mbainfear mí-úsáid as an gcóras gan víosa nó i gcás mí-úsáid is toradh ar an díolúine ón gceanglas víosa.

Leanfar de thaistealaithe gan víosa a sheiceáil ag teorainneacha seachtracha an Aontais maidir le cibé an gcomhlíonann siad na ceanglais iontrála, lena n-áirítear trí Chóras Faisnéise Schengen agus bunachair sonraí náisiúnta na mBallstát a sheiceáil. Ina theannta sin, beidh taistealaithe atá díolmhaithe ó cheanglas víosa atá ag tabhairt cuairt ar limistéar Schengen faoi réir Chóras Dul Isteach/Imeachta an Aontais Eorpaigh (EES) agus an Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) a luaithe a bheidh siad ag feidhmiú go hiomlán.

Is comhpháirtithe tábhachtacha eacnamaíocha don Aontas iad Cuáit agus Catar araon, go háirithe i réimse an fhuinnimh agus i bhfianaise chuspóirí AE a sholáthar fuinnimh a éagsúlú. Treisíodh an comhar idir an tAontas agus Cuáit agus Catar le blianta beaga anuas i roinnt réimsí beartais, amhail i réimse na slándála ar an leibhéal déthaobhach agus trí Chomhairle Comhair Stáit Arabacha na Murascaille (GCC). Ina theannta sin, eisíonn Cuáit agus Catar araon pasanna bithmhéadracha.

Tá údair mhóra imní agus easnaimh fós ann, áfach, i réimse chearta an duine agus na saoirsí bunúsacha. In ainneoin na n-athchóirithe reachtacha agus na dtionscnamh polaitiúil a rinneadh le déanaí, tá go leor dúshlán fós ann i roinnt réimsí agus i bhforfheidhmiú na reachtaíochta a glacadh le déanaí, mar a luadh, i measc nithe eile, i measúnú an Choimisiúin féin, i measúnú bliantúil SEGS 2021 maidir le Cearta an Duine, agus i dtuarascálacha bliantúla Amnesty International agus Human Rights Watch. Sa chomhthéacs sin, tugadh aird ar leith ar dhálaí saothair na n-oibrithe imirceacha ós rud é go bhfuil Corn Domhanda FIFA ar na bacáin. Tá ábhair eile imní ann, áfach, ina measc, cearta na mban, cearta dhaoine LGBTQ+, saoirse reiligiúin, toirmeasc ar chéasadh, saoirse cainte, ceart comhthionóil, agus toirmeasc ar phionós

an bháis.

Is féidir ról lárnach a bheith ag an stádas saor ó víosaí chun an chomhpháirtíocht idir an dá réigiún a chur chun cinn agus chun idirphlé polaitiúil agus malartuithe eacnamaíocha, taighde, oideachais, cultúrtha agus sochaíocha a neartú. Beidh saothrú an idirphlé oifigiúil maidir le cearta an duine ina dhlúthchuid de na gealltanais arna ngabháil ar láimh faoi na comhaontuithe déthaobhacha atá le tabhairt i gcrích idir an tAontas agus Catar agus Cuáit, agus déanfar foráil freisin maidir le meastóireacht leanúnach ar na hidirphléití sin. Ós rud é gurb iad na comhaontuithe déthaobhacha sin na chéad chomhaontuithe a ghlacfar faoin gcóras nua dá bhforáiltear le Rialachán (AE) 2018/1806, creideann an Rapóirtéir go mbeidh tabhairt isteach clásal den sórt sin ina eiseamláir dhearfach a mbeidh éifeachtaí tairbhiúla síothlaithe aige ar chomhaontuithe den sórt sin amach anseo.

Tá tabhairt isteach an chórais gan víosa thar a bheith tábhachtach do shaoránaigh Chatar agus Chuáit agus do shaoránaigh an Aontais, cuideoidh sé le teagmhálacha agus malartuithe duine le duine a dhoimhniú, agus leis an gcaidreamh sóisialta agus cultúrtha a neartú. I ndáil leis an méid sin, beidh sé ríthábhachtach rochtain chomhionann agus neamh-idirdhealaitheach a áirithiú do shaoránaigh uile an dá pháirtí ar na buntáistí a bhaineann leis an gcóras gan víosa.

Chun measúnú a dhéanamh ar na buntáistí iarbhír agus ar a bhfuil bainte amach mar gheall ar an gcóras saor ó víosaí agus ar an ngá a d'fhéadfadh a bheith le feabhsuithe, measann an Rapóirtéir gurb iomchuí meastóireacht thréimhsiúil a dhéanamh ar an gcóras sin, trí fhoráil shainráite maidir le meastóireacht agus tuairisciú ón gCoimisiún a ionchorprú i ngach comhaontú déthaobhach a dhéanfar amach anseo maidir le tarscaoileadh víosaí.

I bhfianaise na mbuntáistí a d'fhéadfadh an córas saor ó víosaí a thabhairt do na páirtithe lena mbaineann, ba cheart don Aontas dlús a chur lena iarrachtaí dul i dteagmháil le tríú tíortha eile a bhfuil suim acu i dtaisteal gan víosa chuig AE. Leis na díolúintí atá beartaithe ón gceanglas víosa do náisiúnaigh Chatar agus Chuáit, ba cheart spreagadh a thabhairt don Choimisiún tús a chur le hidirphlé nithiúil le tíortha eile bunaithe ar na critéir agus ar an nós imeachta a bhunaítear le Rialachán (AE) 2018/1806 agus chun meastóireacht a dhéanamh ar bhealach tráthúil ar na tíortha sin a d'fhéadfadh a bheith incháilithe agus a d'fhéadfadh suim a bheith acu.

Ar deireadh, creideann an Rapóirtéir, le glacadh an togra seo ón gCoimisiún Eorpach, go ndeimhníonn Parlaimint na hEorpa a tiomantas caidreamh duine le duine agus malartuithe sochaíocha le Cuáit agus Catar a neartú. Dá bhrí sin, agus tábhacht léirscaoilte víosaí do shaoránaigh na bpáirtithe uile lena mbaineann á cur san áireamh, molann an Rapóirtéir go dtacódh comhaltaí an Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile leis an tuarascáil sin.